S28T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

# TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO 3.30

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.
Cuimhnigh le do thoil go gcaithfear an fillteán a thabhairt ar ais le do leabhrán freagraí.

**THALL →**

# ROINN 2

**1.** **TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH**

**A.** **Scrúdaigh tábla na n-Ionad Uirbeach leis an Fás is Tapúla in Éirinn (lasmuigh de BÁC).**

**Taispeánann na figiurí athrú daonra idir 1981 agus 1996.**

| Ionad | Athrú % |
|---|---|
| Bré | 22.2 |
| Leamhcán | - |
| Sórd | 100.3 |
| An Uaimh | 15.0 |
| Droichead Nua | 24.7 |
| Léim an Bhradáin | 44.5 |
| Mullach Íde | 47.8 |
| An tInbhear Mór | -1.0 |
| Nás | 68.7 |
| Port Mearnóg | 11.4 |
| Na Clocha Liatha | 34.3 |
| Baile Bricín | 26.3 |
| Na Sceirí | 26.7 |
| Baile Átha Í | -4.7 |
| Cill Mhantáin | 36.5 |
| Cill Droichid | 168.1 |
| Cill Dara | 6.5 |
| Ros-Éo | 40.5 |
| Ceannanas Mór | -3.3 |
| Baile Átha Troim | 24.9 |
| Mágh Nuadhat | 151.7 |
| Cill Dhéagláin | 115.0 |

(i) Cuir in ord rangaithe na **ceithre** hionaid uirbeacha leis an fás is tapúla. (4)


(ii) Ag tagairt do ionad uirbeach **amháin** in Éirinn, a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh na fachtóirí ba chúis lena fhorbairt.

I do fhreagra déan tagairt do:

- Tosca Eacnamaíocha
- Tosca Sóisialta
- Tosca Riaracháin (12)

**B.** Scrúdaigh an léaráid a thaispeánann forbairt uirbeach agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

**Forbairt Uirbeach**




(i) Cén fhianaise atá ann go bhfuil bainistiú tráchta mar chuid thábhachtach de phleanáil an ionaid uirbigh seo ag an comhairle áitiúil? (4)

(ii) Mol **dhá** chúis gur cosúil go bhfuil an ceantar marcáilte **B** ag forbairt agus an ceantar marcáilte **A** ag dul i léig. (4)

(iii) I mbaile mór a bhfuil staidéar déanta agat air, imlínigh forbairt **amháin** le déanaí a chabhraigh réiteach a fháil ar na fadhbanna a bhaineann le sraoilleáil uirbeach **nó** le hAthnuachan / Athfhorbairt uirbeach. (6)

**(30 marc)**

**THALL →**

## 2. DÁILEADH DAONRA AN DOMHAIN

**A. "Tá daonra an domhain dáilithe go míchothrom thar dhromchla an domhain."**

Scrúdaigh an léarscáil S.0. agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Mol cúis **amháin** don dlús daonra íseal sa chearnóg eangaí **G** 25 15.

(ii) Mól cúis **amháin** don dlús daonra nios airde sa chearnóg **G** 27 16. (4)

**B.** Ag tagairt do **thír** a bhfuil staidéar deanta agat air:

(i)
- Ainmnigh réigiún **amháin** le dlús daonra ard.
- Ainmnigh réigiún **amháin** le dlús daonra íseal. (4)

(ii)
- Déan cur síos ar chúis **amháin** don dlús daonra ard agus mínigh é.
- Déan cur síos ar chúis **amháin** don dlús daonra íseal agus mínigh é. (12)

**C. "Bíonn tionchar ag dlús daonra ceantair ar thíreolaíocht sóisialta agus eacnamaíoch an cheantair sin."**

Ag tagairt do cheantar le dlús daonra ard **NÓ** do cheantar le dlús daonra íseal, pléigh **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh tarlú. (10)

**(30 marc)**


## 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCH

Freagair **trí** cinn díobh seo a leanas **A, B, C, D**

### A. Tíreolaíocht Fhisiceach: Carraigeacha

(i) Scrúdaigh an léaráid de Bholcán agus ainmnigh na codanna A, B, agus C (3)

**Léaráid de Bholcán**




(ii) **"An toradh a bhíonn ar Bholcáin ná foirmíocht Bhruthcharraigeacha."**

Roghnaigh Bruthcharraig **amháin** agus mínigh conas a foirmíodh í. (3)

(iii) **"Tá carraigeacha úsáideach le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha."**

Ainmnigh agus mínigh **dhá** shlí gur féidir carraigeacha a úsáid i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha. (4)

### B. Fuinneamh

(i)
- Ainmnigh **dhá** limistéar amach ó chósta na hÉireann ina bhfuil gás nádúrtha faighte.
- Ainmnigh foinse thábhachtach ghágis nádúrtha in áit éigin eile san Eoraip.
- Ceanglaíonn idirnascaire gáis Éire le tír eile. Cé acu tír? (4)

(ii) **"Bíonn torthaí dearfacha agus torthaí diúltacha ag baint le fionnachtain gháis nádurtha i limistéar ar bith."**

Déan cur síos ar thoradh dearfach **amháin** agus ar thoradh diúltach **amháin** a bhaineann le fionnachtain gháis nádurtha i limistéar agus mínigh iad. (6)

THALL →


**C. Iascaireacht**

## GABHÁIL ÉISC NA hÉIREANN (Tonaí)

| SAGHAS ÉISC | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 |
|---|---|---|---|---|
| **Trosc** | 5,706 | 5,294 | 3,860 | 2,928 |
| **Scadán** | 57,155 | 58,248 | 45,334 | 42,114 |

(i) Déan cur síos ar an dtreocht a thaispeánann na figiúirí sa tábla. (2)

(ii) Mínigh **dhá** chúis go raibh ró-iascaireacht in uiscí na hÉireann. (4)





(iii) **"Is é atá sa Bhosca Éireannach ná modh chun na stoic éisc a chaomhnú."**

- Seachas Éire agus an Ríocht Aontaithe, ainmnigh tír **amháin** eile a bhfuil báid leo ag iascaireacht sa Mhuir Cheilteach. (2)

- Ainmnigh agus déan cur síos ar mhodh **amháin** eile gur féidir a úsáid chun stoic éisc a chaomhnú. (2)

**D. Aimsir**

Scrúdaigh léaráid an stáisiúin aimsire.




(i) Ainmnigh aon **ceithre** cinn de na huirlisí aimsire le lipéid orthu mar seo leanas: A, B, C, D, E, F (4)

(ii) Mínigh conas a d'úsáidfeá aon **dá** cheann de na huirlisí chun an aimsir a bhreacadh síos (a thaifeadadh). (4)

(iii) Mínigh cén fáth a bhfuil réamhaisnéisí cruinne aimsire tábhachtach do aon **bheirt** díobh seo a leanas: (2)

- Feirmeoir
- Tiománaí lorraí fad-achar
- Píolóta aerlíne
- Criú trálaeir

## 4. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF

Déan staidéar ar an léarscáil S.O., ar an eochair a thugtar agus ar an Aerfótagraf.
*(nóta: ba chóir suíomh san fhótagraf a thabhairt ag úsáid na téarmaí: réamhionadar dheis, cúlionad ar clé ┐ rl.)*

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar atá léirithe san **Aerfótagraf.**

Taispeán agus ainmnigh na gnéithe seo a leanas:

- Abhainn na Muaidhe agus dhá dhroichead.
- Dhá shráid.
- Eaglais le spuaic.
- Eastát Tionsclaíoch.
- Ceantar ina bhfuil sraith neamhscoite tithe.
- Ionad siopadóireachta agus carrchlós. (12)

**B. Cuireann Béal an Átha morán seirbhísí ar fáil.**
Ag tagairt don léarscáil S.O. amháin, deán cur síos ar thrí cinn de na seirbhísí sin.

**C. Tá sé molta an talamh dearóil ar an dá thaobh den abhainn san lár dheis a ath-fhorbairt.**

(i) Mol úsáid oiriúnach don talamh seo.

(ii) Mínigh **dhá** chúis le do rogha. (6)

**(30 marc)**

## 5. ÉAGOTHROIMÍ DOMHANDA

**Staitisticí dhaonra do thíortha roghnaithe.**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tír** | **Rátaí beireatais do 1,000** | **Rátaí básmhaireahta naoínán do 1, 000** | **Olltáirgeacht Náisiúnta per capita $ Meiriceá** | **Ionchas saoil ag am breithe (blianta)** | **Litearthacht bhaineann %** |
| An Mhaláiv | 54 | 147 | 180 | 48 | 34 |
| An India | 31 | 95 | 340 | 59 | 29 |
| Maracó | 36 | 69 | 880 | 61 | 22 |
| Peiriú | 31 | 79 | 1 010 | 62 | 78 |
| An Airgintín | 20 | 30 | 2 160 | 71 | 95 |
| An Phortaingéil | 12 | 13 | 4 250 | 75 | 80 |
| Éire | 16 | 8 | 8 710 | 74 | >95 |
| An Ísiltír | 12 | 7 | 15 920 | 77 | >95 |
| An Eilbhéis | 12 | 7 | 29 880 | 78 | >95 |
| An Danmhairg | 11 | 8 | 20 450 | 75 | >95 |

**A.** **(i)** Ainmnigh **dhá** thír i mbéal forbartha ón liosta thuas. (2)

**(ii)** Mínigh **dhá** chúis le do rogha. (6)

**B.** Tá a lán tosca freagrach as forbairt eacnamaíoch a chosc agus ina measc tá:

- Athrú Aeráide
- Fás an Daonra
- Caiteachas ar Airm
- Cogadh
- Coilíniú

Mínigh conas a chuir aon **trí** cinn de na tosca thuas cosc le forbairt eacnamaíoch i dtír a bhfuil staidéar déanta agat air. (12)

**C.** Scrúdaigh an fógrán do GOAL ag lorg cúnaimh don Aetóip.




(i) Déan cur síos ar an saghas cúnaimh a theastaíonn ó mhuintir na hAetóipe láithreach.

(ii) Déan cur síos ar an saghas cúnaimh a bheidh ag teastáil do fhorbairt sa todhchaí. (10)

**(30 marc)**